



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Scéim Ghaeilge

2013-2016

faoi Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Meán Fómhair 2013

Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Scéim Ghaeilge ar fáil ar www.viron.ie nó www.comhshaol.ie.

© An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2013



Leathanach Chlár na nÁbhar

Caibidil 1	Cúlra	3
1.1	Réamhrá	3
1.2	Léirmheas ar mar a feidhmíodh an Dara Scéim 2009-2012	3
1.3	Cur Chuige i leith Scéim Nua a Fhorbairt	4
1.4	Ábhar na Scéime Teanga	4
1.5	Dáta Tosaithe na Scéime	4
Caibidil 2	Léargas Ginearálta ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	6
2.1	Misean agus Sainordú	6
2.2	Custaiméirí na Roinne	6
2.3	Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí arna soláthar ag an Roinn	7
Caibidil 3	Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar Fheabhsuithe atá pleanáilte i gcomhair 2009-2012	16
3.1	Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn sa dá theanga	16
3.2	Bealaí cumarsáide leis an bPobal / le Faisnéis a chur in iúl don Phobal	16
3.2.1	Seirbhís do Chustaiméirí	16
3.2.2	Suímh Idirlín agus Córais Ríomhaire na Roinne	16
3.2.3	Óráidí	17
3.2.4	Comhfhreagras	17
3.2.5	Cuirí Oifigiúla	18
3.2.6	Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir	18
3.2.7	Foilseacháin	18
3.2.8	Fógraí ó bhéal / Cumarsáid leis an bPobal ar an teileafón	18
3.2.9	Preasráitis	19
3.2.10	Rialtas Áitiúil	19
3.2.11	Polasaí i leith Cruinnithe Poiblí	19
3.2.12	Seirbhís do limistéir Ghaeltachta	19
3.2.13	Logainmneacha na Gaeltachta	19
3.3	Cumas Gaeilge na Roinne a Fheabhsú	20
3.3.1	Earcaíocht & Socrúchán	20
3.3.2	Oiliúint & Forbairt	20
3.3.3	Acmhainní Teanga	21
3.3.4	Seirbhísí Aistriúcháin	21
3.3.5	Seachtain na Gaeilge	21
3.3.6	Cumarsáid Inmheánach	21
Caibidil 4	Monatóireacht & Athbhreithniú	22
Caibidil 5	Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	23

Caibidil 1 Cúlra

1.1 Réamhrá

Tháinig céad Scéim Ghaeilge na Roinne, a ullmhaíodh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i bhfeidhm i mí Lúnasa 2005. Lean an dara Scéim, a chuimsigh an tréimhse 2009-2012, leis an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh seirbhísí trí Ghaeilge agus seirbhísí dátheangacha a sholáthar sa Roinn.

Forbraíodh an tríú Scéim chun an bhéim a leagtar ar an nGaeilge, agus gnó laethúil na Roinne á dhéanamh, a láidriú, agus an méid a bheidh indéanta le réasún, as seo go ceann an chéad trí bliana eile, á chur san áireamh.

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar scéimeanna na Roinne a tháinig roimh ré ar bhonn bliantúil agus chabhraigh torthaí an phróisis sin leis an tríú Scéim seo a fhorbairt. Léiríonn an Scéim nua an t-athstruchtúrú a tharla sa Roinn, tar éis aistriú na bhfeidhmeanna de thoradh an olltoghchán in 2011, le cúram do chúrsaí pobail a aistriú isteach sa Roinn agus cúram maidir le nithe oidhreachta (lena n-áirítear an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) a aistriú go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

1.2 Léirmheas ar mar a feidhmíodh an Dara Scéim 2009-2012

Socraíodh níos mó targaidí dúshlánacha don Roinn leis an dara Scéim Ghaeilge agus socraíodh cur i bhfeidhm oibleagáidí Gaeilge na Roinne níos mó i gultúr na Roinne.

I gcaitheamh chúrsa an dá scéim, d'oibrigh an fhoireann i Rannóg Straitéise na Roinne (DSU) go dlúth le comhghleacaithe as chuile chearn den Roinn le feachtas ar théarmaí agus ar spiorad na Scéime a chur chun cinn agus lena chinntiú go gcomhlíonfaí iad. Trí shraith de shuirbhéanna inmheánacha bliantúla, d'fhéach an Roinn le leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, ó bhéal agus i gcló araon, a mheas.

Tá aitheantas laistigh den Roinn faoin tábhacht a bhaineann le Scéim Gaeilge na Roinne, agus na hoibleagáidí reachtúla ag teacht de bhun na Scéime araon agus Acht na dTeangacha Oifigiúla. Bhí rún daingean ag DSU a chinntiú go meabhraítear a bhfreagrachtaí i ndáil le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge don fhoireann agus do bhainisteoirí. Mar shampla, i mBealtaine 2012 cuireadh ina luí ar gach ball den fhoireann na dualgaisí maidir le foilseacháin áirithe a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Eisíodh Fógra Oifige cuimsitheach do chuile ball faoi na freagrachtaí reachtúla ó thaobh na Gaeilge de. Ina theannta sin, foilsíodh cur síos faoi na freagrachtaí ar Iris leictreonach na Roinne, 'Weekly Wrap'. Cuireadh sonraí ar fáil ar suíomh idirlíon na Roinne. Deineadh tuilleadh forbairt chomh maith ar threoir ghinearálta faoi freagrachtaí reachtúla na Roinne ó thaobh na Gaeilge de. Foilsíodh ar suíomh idirlín na Roinne iad i mí iúil 2012.

Forbraíodh raon tacaí ionas go bhfreastalófaí ar riachtanais na foirne agus go gcinnteofaí go gcuirfí an Scéim i ngníomh go héifeachtach. Bhí sraith de ranganna Gaeilge labhartha a bhí dírithe ar richtannais foireann na Roinne, a tugadh ar bhonn inmheánach, san áireamh leis na tacaí seo; chomh maith le tacaíocht do bhaill foirne ar

mhian leo tabhairt faoi chúrsaí Gaeilge a soláthraíodh go seachtrach; treoir agus mionsonraí a soláthraíodh maidir le seirbhísí aistriúcháin chomh maith le hacmhainní éagsúla idirlín a soláthraíodh don fhoireann ar shuímh idirlín inmheánach na Roinne. Chuir sraith suirbhéanna a reáchtáladh go bliantúil ar chumas na DSU dul chun cinn, i ndáil leis an mbealach a bhí an Scéim á cur i ngníomh, a mheasúnú agus sholáthair na suirbhéanna leid faoi aon saincheisteanna a bhí ag teacht roimh rannóga i ndáil leis an scéim a chur i ngníomh. Ar an gcaoi chéanna, soláthraíodh faisnéis leis an iniúchóireacht bhliantúil ar leibhéal an éilimh ón bpobal ar sheirbhísí i nGaeilge. Tugadh le fios go seasta leis na torthaí gur fhan leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ón bpobal – agus iad ag teacht isteach in oifigí go fisiciúil nó trí ghlaochanna teileafóin – íseal fós.

D'oibrigh an Roinn le hoifigigh ó oifig an Choimisinéara Teanga freisin lena chinntiú gur cuireadh gearáin agus saincheisteanna maidir le neamh-chomhlíonadh na scéime ar a súile don fhoireann gur réitíodh iad, d'fhonn a sheachaint a leithéid arís.

1.3 Cur Chuige i Leith Scéim Nua a Fhorbairt

D'fhoilsigh an Roinn fógra ar a shuíomh gréasáin ar an 18 Meán Fómhair 2012 faoi *Alt 13* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 lenar iarradh uiríolla ó pháirtithe leasmhara i ndáil le hullmhúchán na scéime nua teanga seo. Fuarthas dhá aighneacht a léirigh raon eagraíochtaí Gaeilge/páirtithe leasmhara agus tá na haighneachtaí seo ar fáil le feiceáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.comhshaol.ie nó www.environ.ie. Ba mhaith leis an Roinn buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas.

Thug gach aighneacht ábhartha dá bhfuarthas treoir don Scéim nua, chomh maith le moltaí a bailíodh ón bhfoireann as measc rannóg éagsúil na Roinne agus ó na suirbhéanna bliantúla lenar measúnaíodh dul chun cinn faoi scéimeanna na Roinne a tháinig roimh ré.

1.4 Ábhar na Scéime Teanga

Tá sé mar aidhm ag an tríú scéim seo a leanúint ar aghaidh leis na gealltanais atá leagtha amach i scéimeanna na Roinne a tháinig roimhe seo agus chun cur leis an dul chun cinnbainte amach go dtí seo.

Cuirfidh an Scéim nua le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí freisin agus leanfar ar aghaidh le bheith ag cinntiú leis an scéim go n-éascófar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag meas leibhéal an éilimh ar a seirbhísí i nGaeilge trí iniúchóireachtaí bliantúla a reáchtáil ar an éileamh ar sheirbhísí agus ar na bearta dá dtugtar futhu leis na seirbhísí a chur i ngníomh. Tá rún daingean ag an Roinn tuairisciú faoi dhul chun cinn a dhéantar go bliantúil ina Tuarascáil Bhliantúil.

1.5 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo dearbhaithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus tá sé tosaithe le héifeacht ó 16 Meán Fómhair **2013**. Fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh

tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh Scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cé acu dáta is déanaí.

Caibidil 2 Léargas Ginearálta ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

2.1 Misean agus Sainordú

Is é misean na Roinne, faoi mar a leagadh amach ina *Ráiteas Straitéise 2011-2014* nácoinneáil leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Agus muid ag coinneáil leis an misean seo, is é ár sainordú ná:

- rannchuidiú leis an téarnamh náisiúnta trínár gcuid beartas agus clár a chomhlíonadh go tráthúil go háirithe mar thacaíocht le poist a chruthú;
- rannchuidiú le hathchóiriú na seirbhíse poiblí;
- tithíocht dea-chaighdeán a chinntiú i bpobail inbhuanaithe;
- acmhainní uisce a chosaint agus a fheabhsú chomh maith le cáilíocht an uisce óil;
- comhshaol ardchaighdeán a bhaint amach le cosaint éifeachtach don chomhshaol;
- tacú leis an rialtas áitiúil go mbeidh sé daonlathach freagrúil agus rialtas áitiúil dá leithéid a chumasú;
- forbairt phobal agus na hearnála pobail agus deonaí a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt sin;
- cinntiú go rannchuideoidh obair phleanála agus thógála inár réigiúin agus inár bpobail leis an bhforbairt inbhuanaithe chothrom; agus
- monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar aimsir agus aeráid na hÉireann agus í athuar.

Tá oifigí ag an Roinn i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath, ar Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman; i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo agus idTobar an Choire, Co. Shligigh. Tá baill foirne sa chigireacht tithíochta agus uisce, agus sa tseirbhís iniúchóireachta lonnaithe ar fud na tíre. Tá ceanncheathrú Mhet Éireann i nGlas Naíon i mBaile Átha Cliath agus tá baill foirne aige i suímh réigiúnacha.

2.2 Custaiméirí na Roinne

Mar gheall ar fhairsinge shainordú na Roinne agus ar a bhfuil i gceist leis, téann a cuid oibre i bhfeidhm ar raon ollmhór daoine agus pobal ar fud na tíre. Cé go seachtar tromlach na seirbhísí a chuireann an Roinn chun cinn tríd an earnáil rialtais áitiúil, tá bonn leathan custaiméirí ag an Roinn. San áireamh leis seo tá:

- Daoine den phobal
- Pobail ar fud na tíre
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad
- Comhlachtaí faoi scáth na Roinne
- Ranna agus Oifigí eile Rialtais
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha

- Ionadaithe tofa
- Forais Eorpacha agus Idirnáisiúnta

2.3 Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí arna soláthar ag an Roinn

Déantar obair na Roinne trí shé Rannán– Comhshaol; Uisce & ICT (Teicneolaíocht Faisnéise is Cumarsáide); Pobal; Rialtas Áitiúil; Pleanáil agus Tithíocht agus Airgeadas agus Seirbhísí Lárnacha. Lena chois sin, déanann Met Éireann agus Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil cuid den Roinn freisin. Leagtar breaceolas ar gach ceann de na haonaid ghnó laistigh de shé rannánna Roinne amach thíos.

An RannánChomhshaoil

An Rannóg um Beartas agus Feasacht Comhshaoil:

Bíonn baint ag an rannóg seo le corpas reachtaíochta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), lena n-áirítear córas Comhtháite um Chosc agus Rialú Truaillithe (CCRT), trasuíomh agus cur i bhfeidhm na dT teoracha seo a leanas: An Treoir um Astaíochtaí Tionsclaíocha, an Treoir maidir le Dramhtrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha Áirithe i nDramhtrealamh Leictreach agus Leictreonach (SSGÁ), an Treoir maidir le Pacáistiú, an Treoir maidir le Cadhnaí & Taisc-chadhnaí, an Treoir maidir le Feithiclí Ídithe, an Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil agus Treoir ‘Aarhus’ maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus Rannpháirtíocht Poiblí. Ar na saincheisteanna eile a ndéileáiltear leo tá dhá Threoir maidir le hOrgánaigh Ghéinathraithe (OGAanna), éiceanuálaíocht, taighde & forbairt agus cur chun cinn na dtionscnamh maidir le Freagracht an Táirgeora i réimsí eile. Ó thaobh an chláir oibre idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol de, tá an rannóg freagrach as Coinbhinsiún Aarhus, as an bPrótocal maidir leis an gClár um Scaoileadh Amach agus Aistriú agus Prótocal Cartagena maidir le Bithshábháilteacht. Tá an rannóg seo freagrach freisin as monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar an bhfeasacht phoiblí i leith saincheisteanna comhshaoil, ag soláthar maoiniúcháin d’Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) Comhshaoil agus bainistiú a dhéanamh ar Chiste Comhpháirtíochta Chlár 21 Áitiúil.

An Rannóg um Fhorbairt Idirnáisiúnta agus Inbhuanaithe Comhshaoil:

Tá an rannóg seo freagrach as comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht an Aire i gComhairle Comhshaoil an AE faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), lena n-áirítear aighneacht a chur faoi bhráid an Oireachtais maidir le tograí do reachtaíocht comhshaoil i ndáil le comhoibriú Thuaidh/Theas agus na Breataine/Éireann i réimse an chomhshaoil.

Is é Comhshaol Idirnáisiúnta an t-aonad comhordúcháin sa Roinn a rinne na hullmhúcháin d’Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Tá an rannóg freagrach freisin as an Straitéis nuashonraithe um Fhorbairt Náisiúnta Inbhuanaithe, as an bPlean Gnímh um Sholáthar Poiblí Glas, bainistiú ar an gclár LIFE+ agus comhordú a dhéanamh ar ionchur i Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an AE agus ar Choimisiún na NA maidir le Forbairt Inbhuanaithe.

An Rannóg um Ghéilliúlacht Chomhshaoil agus Cáilíocht an Aeir:

Tá an rannóg seo freagrach as comhordú agus cur ar aghaidh a dhéanamh ar réiteach na gcásanna GC atá fós ar oscailt, chomh maith le monatóireacht/tuairisciú a dhéanamh i leith thrasuíomh na reachtaíochta Eorpaí isteach i ndlí na hÉireann agus as sárúithe ar reachtaíocht chomhshaoil an AE. De bhreis air sin, déanann an Rannóg bainistiú ar chur i bhfeidhm na bhforálacha ón AE agus na bhforálacha náisiúnta maidir le cáilíocht an aeir agus an torainn chomhthimpeallaigh, lena n-áirítear monatóireacht (i gcomhar leis an GCC) ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, rialú agus tuairisciú i leith na gcaighdeán comhshaoil do bhreosla bóithre, neamhbhóithre agus muirí, rialú ar bhreosla soladach agus biotúmanach (i.e. gual toiteach), rialú ar smacht ar chomhdhúile orgánacha imchoimeádacha, substaintí a laghdaíonn an t-óзон agus comhdhúile orgánacha so-ghalaithe. De bhreis air sin, bainistíonn an rannóg seo caiteachas ón gCiste Comhshaoil chun tacú le Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa, chun laghdú ar thruailliú aeir agus torainn agus chun ranníocaíochtaí a dhéanamh faoi Choinbhinsiún idirnáisiúnta agus Prótacail bhainteacha a bhfuil Éire tar éis glacadh leo lena n-áirítear Prótacal EMEP maidir le Truailliú Aeir Fadrimse Trasteorann, Coinbhinsiún Stócólm maidir le truailléin orgánacha dhianseasmhacha (TODanna) agus Coinbhinsiún Vín agus an Prótacal Montréal maidir le Rialú Substaintí a laghdaíonn an ciseal ózón.

De bhreis ar a croíreimsí beartais, déanann an Rannóg seo ról ginearálta a ghlacadh i maoirseacht Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, ag cinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás a cheanglais reachtúla agus go leanann sé ag comhlíonadh a ról chun athbheochan agus athghiniúint a dhéanamh ar limistéar na nDugthailte.

An Rannóg um Chigireacht Comhshaoil

Cuireann an rannóg seo anailís theicniúil agus eolaíochta ar fail. Cuireann an Chigireacht tacaíocht theicniúil ar fáil freisin don GCC agus d'údarais áitiúla ag éascú chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú na reachtaíochta faoin gcomhshaoil agus cuireann tacaíocht theicniúil ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leis na Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus na páirtithe leasmhara iomchuí ag tacú le cuspóirí straitéiseacha na Roinne mar a mbaineann leis an gcomhshaoil.

An Rannóg um Beartas maidir le hAthrú Aeráide

An aidhm atá ag an rannóg seo ná cur i bhfeidhm agus forbairt bhreise a dhéanamh ar an *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012*, lena n-áirítear bearta chun laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus chun comhtháthú a dhéanamh ar shaincheistanna a bhaineann le hathrú aeráide i gcinnteoireacht ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

An Rannóg um Beartas Dramhaíola

Tacaíonn an rannóg seo le cur chun tosaigh bheartas agus chur i bhfeidhm thiomantais an Rialtais i ndáil le gnéithe áirithe den bheartas dramhaíola, trí bheartas a cheapadh, agus más gá, reachtaíocht a rith; riar ar an gCiste Comhshaoil, lena n-áirítear riar na bhfáltais ón Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha agus an Tobhach le haghaidh Líonadh Talún; agus riar ar scéimeanna deontaiseile nach iad.

An Rannán um Fhorbairt Pobail agus Tuaithe

An Rannóg um Chláir Forbartha Áitiúla agus Pobail (LCDP)

Déanann an rannóg seo bainistiú agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chláir um Fhorbairt Áitiúil agus Phobail (LCDP). Tá ról maoirseachta ag an rannóg seo freisin i ndáil le Pobal¹ le haghaidh na gclár uile a ndéanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (D/ECLG) bainistiú orthu. Áirítear in obair na rannóige seo maoirseacht agus tacú Chlár an Aonaid um Chuimsitheacht Shóisialta sa rialtas áitiúil agus tacú, monatóireacht agus cur chun cinn na gComhchoistí Póilíneachta.

An Rannóg um Thacaí agus Cláir Phobail agus Dheonacha

Tá na rannóg seo freagrach as tacú le gníomhaíochtaí deonacha agus as caidrimh a chothú idir an Stát agus an Earnáil Dheonach. Seo a leanas príomhfheidhmeanna na rannóige:

- Riar ar roinnt scéimeanna lena n-áirítear Bailte Slachtmhara;
- Cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le Cuntais Dhíomhaoine;
- Cur i bhfeidhm ar an gClár RAPID (Revitalising Areas By Planning Investment and Development) ar fud na tíre;
- Tacú le Fóram maidir le Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid

An Rannóg um Áineas Tuaithe

Tá an rannóg seo freagrach as cur i bhfeidhm agus monatóireacht na Straitéise um Áineas Náisiúnta faoin Tuath (SÁNT) agus as an Scéim Siúlóidí. Déanann an rannóg seo tionól ar chruinnithe Chomhairle Na Tuaithe.

An Rannóg um Fhorbairt Tuaithe AE

Cuireann an rannóg seo i bhfeidhm Aiseanna 3 & 4 den Chlár um Fhorbairt Tuaithe (CFT) 2007-2013 ag baint úsáide as an gcur chuige LEADER.

An Rannóg um Ailíniú an Rialtais Áitiúil/na Forbartha Áitiúla

An príomhfhreagracht atá ar an rannóg seo, ag obair i gcomhar leis an rialtas áitiúil agus le forbairt áitiúil, ná bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm córais chomhleanúnaigh d'fhorbairt áitiúil trí ailíniú a dhéanamh ar na hearnálacha rialtais áitiúil agus forbartha áitiúla.

An Rannóg um Chláir an AE do Mhaoiniú Thuaidh/Theas agus Seirbhísí Rialtais Áitiúil

Tá an rannóg seo freagrach astu seo a leanas:

- Bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar roinnt téamaí faoi na cláir trasteorann Peace III agus Interreg IVA, cómhaoinithe ag an AE;
- An reachtaíocht ag clúdach rialú madraí, ionaid póraithe madraí, deimhniú maidir le sábháilteacht trealaimh faiche aonaigh agus reiligí; agus
- Maoirseacht ar Shábháilteacht Uisce na hÉireann.

¹ Is eagraíocht neamhbhrabúis é Pobal (www.pobal.ie) le stádas carthanachta a dhéanann bainistiú ar roinnt clár maoiniúcháin thar ceann Rialtas na hÉireann agus an AE. An misean atá aige ná cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn, maille le hathmhuintearas agus comhionannas trí fhorbairt chomhtháite shóisialta agus eacnamaíochta laistigh de phobail.

An Rannóg um Sheirbhísí Cigireachta

Cuireann an rannóg seo bailíochtú airgeadais agus riaracháin ar fáil do thionscadail bunaithe ar chlár agus bearta arna gcur i gcrích ag raon de ghrúpaí áitiúla gnímh agus tionscnóirí príobháideacha.

An Rannán um Uisce agus Teicneolaíocht Faisnéise is Cumarsáide

An Rannóg um Cháilíocht Uisce

Tá an rannóg seo freagrach as beartas agus reachtaíocht a bhaineann le saincheisteanna cáilíochta uisce agus as trasuíomh tráthúil na n-oibleagáidí ón AE agus idirnáisiúnta maidir le cáilíocht an uisce. Déanann an rannóg seo comhordú agus cur i bhfeidhm ar reachtaíocht maidir le cáilíocht an uisce i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí poiblí eile.

An Rannóg um Cláir Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

Is é príomhchuspóir na rannóige seo ná bainistiú a dhéanamh ar sholáthar caipitil le haghaidh seirbhísí uisce chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta seirbhísí uisce agus chun caighdeáin chomhshaoil a chaomhnú agus a chosaint.

An Rannóg um Beartas Seirbhísí Uisce

Bunaíodh an rannóg seo chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí uisce i gcoitinne, go príomha trí reachtaíocht chuimsitheach nua-aimseartha maidir le seirbhísí uisce a ullmhú, agus trí mhionathrú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chreatbheartas praghsála seirbhísí uisce an Rialtais.

An Rannóg um Bainistiú Athchóiriú na hEarnála Uisce

Is é príomhchuspóir na rannóige seo ná an clár foriomlán d'athchóiriú na hearnála uisce a bhrú ar aghaidh, pleananna cláir a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcloch míle agus an tsoláthair, chomh maith le páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán agus i gcumarsáid chuí.

An Rannóg um Pleanáil Muirí agus Urthrá

Tá an rannóg seo freagrach as comhlíonadh raon feidhmeanna faoi Acht um Imeall Trá 1933 i ndáil le bainistíocht an imeall trá mar chuid den eastát poiblí, lena n-áirítear a dheonú toilithe forbartha nuair a mheastar a bheith ar mhaithe le leas an phobail. Tá an rannóg dírithe ar bhainistíocht cásanna gníomhach chomh maith le hathchóiriú reachtúil dírithe ar an gcóras toiliú imeall trá.

An Rannóg um Chigireacht Uisce

Cuireann an rannóg seo comhairle ghairmiúil agus tacaíocht theicniúil ar fáil.

An tAonad um ICT & Cumarsáid

Cuireann an rannóg seo córais faisnéise agus chumarsáide ar fáil. Déanann Aonad **Cumarsáide na rannóige** forbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar na bearta iomchuí chun tacú le cumarsáid inmheánach na Roinne. An dualgas atá ar an **Oifig Phreasa & Faisnéise** ná idirghníomhú leis na meáin,

An Rannán Rialtais Áitiúil

An Rannóg um Beartas Rialtais Áitiúil agus Mótarcháin

Tá an rannóg seo freagrach as

- dul chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do ról an rialtais áitiúil i soláthar coigiltis, seirbhísí ardchaighdeáin agus ghealltanais Chlár an Rialtais;
- éascú ar chumarsáid éifeachtach idir an tAire, an Roinn agus údaráis áitiúla;
- cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat reachtúil (eitic san áireamh) do chóras an rialtais áitiúil; agus
- forbairt ar bheartas náisiúnta maidir le mótarcháin agus maoirseacht ar oibriú an chórais cánacha, i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

An Rannóg um Fhorbairt an Rialtais Áitiúil

Bíonn an rannóg seo i mbun tionscadail shonracha a bhaineann le saincheistean na rialtais áitiúil agus an rialtais lárnaigh; cuireann ionchur riachtanach ar fáil don chóras polaitiúil agus riaracháin; agus coinníonn seirbhísí tráthúla, ardchaighdeáin, éifeachtacha le haghaidh cliaint sheachtracha.

Áirítear i gclár oibre na rannóige seo:

- Cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais maidir le hathchóiriú an rialtais áitiúil;
- Próiseáil ar iarratais do shíneadh teorainn agus forbairt beartais i ndáil leis sin;
- Maoirseacht ar an reachtaíocht a bhaineann le logainmneacha áitiúla; agus
- Maoirseacht ar an reachtaíocht ar chomhbhoird reilige agus comhchoistí draenála.

An Rannóg um Pearsanra an Rialtais Áitiúil

Tá ról Acmhainní Daonna agus feidhm athchóiriú i ndáil le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinneag an rannóg seo. Tá an rannóg seo freagrach as beartas maidir le míchumas, leabharlanna agus clár caipitil sciortha talún an Chóibh chomh maith.

An Rannóg um Airgeadas Rialtais Áitiúil

Is iad aidhmeanna na rannóige seo ná:

- Creat beartais, reachtúil agus rialála nua-aimseartha, solúbtha agus ábhartha a choinneáil d'fheidhm airgeadais an rialtais áitiúil;
- A chinntiú go bhfuil dóthain maoiniúcháin lárnaigh ann d'údaráis áitiúla tríd an gCiste um Rialtas Áitiúil;
- Cothú agus éascú a dhéanamh ar éifeachtacht/luach ar airgead in údaráis áitiúla;
- Forbairt agus cothú a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr do phleanáil agus bainistíocht airgeadais in údaráis áitiúla;
- A chinntiú go ndáiltear go cothrom na deontais ghinearálta chun cothromaíocht a bhaint amach;
- Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an gCiste Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear infheistiú a dhéanamh ar iarmhéideanna;
- Monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar staid reatha airgeadais in údaráis

- áitiúla; agus
- A chinntiú go gcuirtear san áireamh tionchar bheartais an rialtais ar airgeadas an údaráis áitiúil.

An Rannóg Um Cháin Réadmhaoine Áitiúil

Tugann an rannóg seo tacaíocht bheartais agus riaracháin don Rialtas maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na Cánach Réadmhaoine Áitiúil. Déileálann an rannóg seo le gnóthaí beartais agus riaracháin chomh maith atá bainteach leis an muirear d'Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha (NPPR) agus leis an muirear teaghlaig

An Rannán um Pleanáil agus Thithíocht

An Rannóg um Pleanáil agus Tithíocht (Airgeadas agus Forbairt Beartais)

Tá an rannóg seo freagrach as creat iomchuí beartais agus reachtúil chun dáta a fhorbairt agus a cothú le haghaidh córas pleanála in Éirinn.

An tAonad um Pleanáil Chun Cinn

Is í príomhfhreagracht an aonaid seo ná cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta (SNS) 2002-2020, atá ina chreat náisiúnta don phleanáil straitéiseach.

An tAonad um Bainistiú/Reachtaíocht Forbartha

Cuireann an t-aonad seo treoir ar fáil maidir le creat reachtúil agus beartais d'údaráis áitiúla agus don Bhord Pleanála agus féachann le híoslághdú a dhéanamh ar an ualach reachtúil agus ar chostas an chórais.

An tAonad um Beartas agus Forfheidhmiú Uirbeach

Tá an tAonad um Beartas agus Forbairt Uirbeach freagrach as beartas a bhaineann le forbairt uirbeach, as forfheidhmiú pleanála, as reachtaíocht maidir le ceannachán éigeantach talún, as ionchur a thabhairt ar chlár oibre an AE/idirnáisiúnta ar fhorbairt comhshaoil/uirbeach lena n-áirítear ESPON agus URBACT. Tá an tAonad seo freagrach freisin as creat beartais a fhorbairt maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha chun tacú le téarnamh eacnamaíochta agus poist agus idirghníomhú leis an mBord Pleanála chun tacú le hoibriú éifeachtach tíosach fheidhmíocht agus bhaint amach a chuspóirí beartais. Déileálann an rannóg seo freisin le reachtaíocht maidir le Suíomhanna Dearóile.

An Rannóg um Chigireacht Pleanála

Cuireann an rannóg seo comhairle ghairmiúil agus tacaíocht theicniúil ar fáil.

An Rannóg um Thithíocht Shóisialta

An príomhról atá ag an rannóg seo ná bainistiú a dhéanamh ar chlár reatha comhtháite infheistíochta don tithíocht shóisialta. Déileálann an rannóg freisin le cur i bhfeidhm an Chláir Oibre d'Áthchóiriú na Tithíochta Sóisialta, an scéim chomhiomlánaithe talún, aistriú an fhóirdheontais cíosa ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus an scéim tionachta agus ceannacháin incrimintigh don tionónta in áitribh de chuid an údaráis áitiúil.

An tAonad um Chuimsitheacht Shóisialta

Déanann an t-aonad seo:

- forbairt agus cur i bhfeidhm ar bheartais chun dul i ngleic le riachtanais shonracha tithíochta na ndaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear forbairt ar

fhreagairtí éifeachtacha idirghníomhaireachta, i gcás go bhfuil diminsean cúraim nó sóisialta ag baint leis na tacaí tithíochta atá de dhíth.

- comhordanáidí, bainistiú agus tuairisciú ar chaiteachas iomlán an Rialtais san earnáil tithíochta.

Cuireann an *Rannóg do Dhaoine gan Dídean polasaí, cláir* agus gníomh chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine agus na riachtanais chóiríochta a bhaineann leo chun cinn agus déanann sé maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm ar na nithe sin.

An Clár (Oibríochtúil) um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta:

Is é ról an Chláir (Oibríochtúil) Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta ná:

- bainistiú a dhéanamh ar chothú náisiúnta agus clár feabhsúcháin do stoc tithíochta an údaráis áitiúil, lena n-áirítear soláthar teoranta nua atá á dtógáil agus clár éadála; agus
- bainistiú agus cur i bhfeidhm cláir d'athghiniúint fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíochta d'eastáit an údaráis áitiúil atá imithe ó rath agus coimpléascanna árasán cathrach.
- cur i bhfeidhm ar dheontais agus ar thacaí do thithíocht phríobháideach.

Seo a leanas na haidhmeanna atá ag an *Aonad um Chóiríocht don Lucht Siúil*:

- Creat éifeachtach beartais agus reachtúil a chothabháil agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach ar chlár um chóiríocht don luach siúil.

An Rannóg um Rialáil Tithíochta, Comhordaithe agus Staitisticí:

freagrach as forbairt agus cothabháil pholasaí agus reachtaíochtsuas chun dáta don earnáil tithíochta agus cur i bhfeidhm ráiteas beartas tithíochta an Rialtais.

Chomh maith le sin, tá an rannóg seo freagrach astu seo a leanas:

- Forbairt agus rialáil na hearnála um chóiríocht chónaitheach ar cíos;
- Bainistiú ar Athbhreithniú Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2012; agus
- Tiomsú agus foilsiú ar shonraí tráthúla staitistiúla i ndáil leis na hearnálacha pleanála agus tithíochta.

An Rannóg um Chaighdeán Ailtireachta/Tógála

- cuireann an rannóg seo comhairle theicniúil/ghairmiúil ar fáil agus cód tógála stuama agus forásach a sholáthar chun tacú le tógáil ardchaighdeán, forbairt inbhuanaithe agus comhlíonadh na gceanglas ábhartha ón AE; agus
- measúnú a dhéanamh ar thionscadail um oibreacha caipitil.

An Rannán um Airgeadas agus Seirbhísí Lárnacha

An Rannóg um Pearsanra agus Cóiríocht

An aidhm atá ag an rannóg seo ná áit mhaith oibre a dhéanamh den Roinntrí:

- acmhainní foirne cuí a sholáthar;
- comhairle agus tacaíocht a sholáthar do bhainisteoirí agus don fhoireann;

- an cleachtas is fearr a leanúint agus iad ag déileáil le cúrsaí soláthair foirne;
- tús áite a thógáil i gcur i bhfeidhm straitéis Acmhainní Daonna na Roinne;
- cuidiú le foghlaim agus forbairt na foirne;
- soláthar agus bainistiú na riachtanas a bhaineann le cóiríocht agus saoráidí eile laistigh de phunann oifige na Roinne; agus
- monatóireacht agus rialú ar bhuiséid ar fud raon ilchineálach d'fho-mhírchinn na Roinne.

An Rannóg um Beartas Radaíochta agus Straitéis Roinne

Tá an rannóg seo freagrach as cur chun cinn agus brú ar aghaidh gach gné de bheartas na Roinne i ndáil le sábháilteacht núicléach agus cosaint raideolaíoch.

An Rannóg Straitéise na Roinne

Bíonn an Rannóg seo ag déileáil le pleanáil straitéiseach agus tuairisciú; dualgais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla; próiseáil ar iarratais faoi Shaoráil Faisnéise (FOI) agus rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol (AIE) agus iarratais agus gearáin ó Oifig an Ombudsman.

An Rannóg um Airgeadas/Cuntais Roinne

Bíonn an rannóg seo i mbun raon straitéisí a chur i bhfeidhm a bhaineann le soláthar acmhainní agus bainistiú na Roinne. Go háirithe, tá sé mar aidhm ag an Rannóg seo an maoiniú riachtanacha dhaingniú trídán phróiseas meastachán bliantúil agus trí monatóireacht ar chaiteachas ar acmhainní airgeadais Déanann Aonad na gCuntas bainistiú ar fheidhm chuntasaíochta na Roinne, as an gCiste Comhshaoil agus as an gCiste Rialtais Áitiúil chun a chinntiú go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach chun cistí poiblí a chosaint, déileáil go pras le hidirbhearta íocaíochta agus fáiltais agus cuireann faisnéis bhainistíochta chun dáta ar fáil. Déanann an t-aonad ullmhú freisin ar an gCuntas Leithreasa don Roinn agus ar na cuntais bhliantúla do na Cistí Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Déanann an tAonad um Luach ar Airgead (LAA) comhordú i réimsí amhail LAA, Breithmheas Caipitil, comhairleoireachtaí, tuairisciú AE/CAI, Maoiniú ón AE agus clár oibre na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP). Tá an tAonad um Chreat Bainistithe Faisnéise (CBF) freagrach as cothú, tacú agus forbairt an chórais bainistíochta airgeadais (CBA) Oracle. Chomh maith leis sin, déanann an tAonad bainistiú ar an gClár um Shócmhainní Seasta agus tá sé freagrach don Roinn as beartais agus gnáthaimh maidir le sócmhainní.

Oifig Dlí:

Soláthraíonn an oifig dlí comhairle dlí do na hAíre agus le foireann na Roinne.

An Rannóg um Toghchórais

Tá an rannóg seo freagrach as forbairt beartais, reachtaíochta agus córas mar phríomhghné den leasú toghchánach. Tá an rannóg freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar chóras toghchánach nua-aimseartha, éifeachtach, inrochtana, cothrom.

An Stiúirthóireacht Náisiúnta um Bainistiú Dóiteáin agus Éigeandála

Déanann an Stiúirthóireacht seo, i gcomhar lena Bhord Bainistíochta agus lena Chomhairle Comhairleach, forbairt ar bheartas agus straitéisí náisiúnta, agus déanann iad a chur i bhfeidhm i gcoitinne trí na húdaráis dóiteáin, chun pobail a choinneáil slán ó

dhóiteán agus ó éigeandálaí eile. Feidhmíonn an Stiúrtóireacht freisin mar fhócas do chomhlíonadh ról na Roinne mar “Threoir-Roinn Rialtais” le haghaidh 10 gcinn de chásanna suntasacha a d’fhéadfadh a tharlú, mar a ndéanadh sé comhordú ar fud raon iomlán de Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Speisialtóireachta, Gníomhaireachtaí Príomhfhreagartha agus dreamanna eile chun éascú a dhéanamh ar bhainistiú éigeandálaí/freagairt do ghéarchéimeanna agus téarnamh in Éirinn.

Ina theannta sin, tá **an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí** freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir ledóthanacht agus éifeachtacht córais rialaithe inmheánaigh na Roinne.

Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar Fheabhsuithe atá pleanáilte i gcomhair 2013-2016

Tá rún daingean ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus / nó sa dá theanga dá custaiméirí. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a dtabharfaidh an Roinn futhu as seo go ceann an chéad trí bliana eile ionas go gcuirfear leis an dul chun cinn a rinneadh i leith seirbhísí dátheangacha a fhorbairt i gcaitheamh thréimhse na Scéime a tháinig roimh ré.

3.1 Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo sa dá theanga

Ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí don phobal go díreach go hiondúil seachas na rannóga nó rannáin seo a leanas a sholáthraíonn seirbhís dhátheangach do dhaoine den phobal, sa teanga arna roghnú ag an gcustaiméir, agus a leanfaidh ar aghaidh leis sin a dhéanamh.

- An Clár (Oibríochtúil) um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta
- An Rannóg um Thacaí agus Cláir Phobail agus Dheonacha
- An Rannóg um Chláir Forbartha Áitiúla agus Pobail (LCDP)
- Met Éireann

I ndáil le gach réimse eile den Roinn, tá socruithe déanta lena chinntiú, sa chás nach bhfuil ball foirne ag Rannáin atá inniúil ar an nGaeilge, nó sa chás nach bhfuil duine den sórt sin ar fáil, go soláthróidh ball ainmnithe den fhoireann ó Rannán eile seirbhís sa teanga arna roghnú ag an gcustaiméir. Leanfar ar aghaidh leis na socruithe seo i rith chúrsa an tríú Scéim.

3.2 Bealaí cumarsáide leis an bPobal / le Faisnéis a chur in iúl don Phobal

3.2.1 Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an Roinn i mbun a ullmhú **Plean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís (CSAP)** agus an **Chairt Chustaiméirí** don tréimhse go deireadh 2014. Leanfaidh an Chairt nua ar aghaidh le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a léiriú sa Chairt nua agus, ar an mbealach seo, cinntítear leis an gCairt go n-éascófar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Féachtar, leis an dá chaipéis, leanúint de chur chun cinn le próifíl na Gaeilge a ardú sa Roinn trí théacs as Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí. Lena chois sin, tá bileog ghearra leagann amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge sa Roinn á athbhreithniú agus nuashonrú agus beidh sé ar fáil ag ár deasca fáiltithe agus ar ár suíomh ghréasáin go luath agus úsáidfear an bhileog mar bhealach le feasacht a chur chun cinn ar sheirbhísí sonracha atá ar fáil. **[Ón tráth a fhoilseofar an PGSC nua]**

3.2.2 Suímh Idirlín agus Córais Ríomhaire na Roinne

- (i) Le cois ábhar statach a sholáthar, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cur le méid an ábhair as Gaeilge a bhíonn ar fáil ar a suímh idirlín www.comhshaol.ie. Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear gach foilseachán, lena n-áirítear bileoga faisnéise agus bróisiúir, dá dtáirgtear as Gaeilge nó sa dá

theanga, ar fáil ar leagan Gaeilge an tsuímh idirlín ag an am céanna is a chuirtear an leagan Béarla ar fáil. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

- (ii) Leanfar ar aghaidh ag obair go comhleanúnach ionas go gcuirfear ábhar statach ar fáil i nGaeilge ar shuímh idirlín eile a bhfuil freagracht uirthi astu. Beidh fócas ar leith ar shuímh idirlín lena méadaítear feasacht an phobail ar shaincheisteanna tábhachtacha comhshaoil agus táillí do seirbhísí áitiúla: www.tidytowns.ie; protectourwater.ie; www.nppr.ie; www.householdcharge.ie agus www.met.ie. Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear ábhar statach ar fáil i nGaeilge le linn na scéime. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (iii) Ina theannta sin, leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear an t-ábhar statach ar gach suíomh idirlín nua arna bhforbairt aici nó thar a ceann ar fáil go dátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (iv) Cuirfear gach seirbhís nua idirghníomhach ar an idirlíon (i.e. seirbhísí lena gcuirtear ar chumas daoine den phobal iarratais a dhéanamh, sochair a fháil nó íocaíochtaí a dhéanamh) dá bhforbrófar i gcaitheamh chúrsa na Scéime seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarlago comhuaineach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (v) Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcomhlíonfaidh bogearraí agus córais ríomhaire nua arna bhforbairt ag an Roinn nó thar a ceann, a gcaithfear faisnéis a chur isteach iontuis ndáil le daoine den phobal, mar shampla, ainmneacha agus seoltaí, oibleagáidí ó thaobh na Gaeilge. Cuirfidh an Roinn comhlachtaí atá faoina scáth (go háirithe, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, LGMA, a chabhraíonn le húdarais áitiúla réitigh áirithe a fhorbairt maidir le cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide) ar an eolas faoi ghealltanais ina leith seo. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (vi) Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcomhlíonfaidh Córas Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide arna bhforbairt ag an Roinn oibleagáidí reachtúla ó thaobh na Gaeilge de. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.3 Óráidí

Leanfar ar aghaidh le hóráidí nó ráitis, arna dtabhairt ag Airí san Oireachtas nó in áiteanna eile, chomh maith le hóráidí arna ndéanamh ag oifigigh shinsearach, a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha inar tugadh iad.

3.2.4 Comhfhreagras

Le cois a hoibleagáid dlíthiúil a chomhlíonadh ó thaobh freagra a thabhairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, déanfaidh an Roinn gach iarracht comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge leo siúd arb eol gurb fhearr leo comhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge. Leanfar ar aghaidh ag cur iachall ar an bhfhoireann taifead a choinneáil ar eagraíochtaí den sórt sin d'fhonn is go gcomhlíonfar an gealltanais seo. Tabharfar an fhaisnéis seo cothrom le dáta ar bhonn rialta ar shuíomh idirlín inmheánach na Roinne. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar ríomhphost na Roinne, ar nós séantaí freagachta, i nGaeilge agus i mBéarla. Leanfar ar aghaidh ag iarraidh an

fhoireann a spreagadh le freagraí uathoibreacha ‘As Láthair ón Oifig’ a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.5 Cuirí Oifigiúla

Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go bpriontálfar cuirí chuig ócáidí oifigiúla arna n-óstáil ag an Aire nó Airí Stáit go dátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.6 Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir

Táirgeann an Roinn roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais a bhíonn ina n-údar spéise ginearálta don phobal. Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go dtáirgfear gach foirm iarratais agus bileog dá n-úsáidtear go coitianta m.sh. i ndáil leis vótáil, bainistíocht dramhaíola, pobal agus feachtais fheasachta poiblí, go dátheangach faoin aon chlúdach amháin. Sa chás nach indéanta é seo mar gheall ar a bhfuil i gceist leis an ábhar, mar gheall ar a mhéid nó a leagan amach, soláthrófar leagan ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás den sórt sin, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ar an mbealach céanna is a chuirfear an leagan Béarla ar fáil. Sa chás go gcuirtear bileoga, foirmeacha iarratais agus póstaer ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla. Tugann an Roinn gealltanas sonrach go gcuirfear an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, agus an bhileog fhaisnéise faoi sheirbhísí atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, ar fáil go dátheangach faoin aon chlúdach amháin. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.7 Foilseacháin

Táirgeann réimsí éagsúla polasaína Roinne raon leathan foilseachán. Geallann an Roinn go leanfaidh sí ar aghaidh le leagain dhátheangacha d’fhoilseacháin lárnacha (mór-ráitis maidir le polasaithe, straitéisí srl.) agus b’fhéarr léi go soláthrófaí iad laistigh den aonchlúdach amháin (cruachóip nó foilseacháin leictreonacha). Sa chás go laghdófaí a éifeachtaí is a bheadh aon fhoilseachán dátheangach áfach mar gheall ar a fhad nó sa chás go mbeadh costas breise iomarcach i gceist leis, soláthrófar leagain ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla. Maidir leis seo, beidh ráiteas i ngach ceann go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Níl sé i gceist cáipéisí móra a bhaineann le cúrsaí teicniúla nó nach scaipfí ach ar dhornán beag daoine a chur ar fail go dátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.8 Fógraí ó bhéal / Cumarsáid leis an bPobal ar an Teileafón

Ar aon dul leis na prionsabail ó thaobh na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cinntiú, maidir le fáilteoirí agus oibrítheoirí lasc-chláir, arb iad an chéad phointe teagmhála leis an bpobal iad:

- go dtabharfaidh siad ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla;
- go mbeidh siad cleachtaithe le beannachtaí bunúsacha i nGaeilge;
- gur féidir leo daoine den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le pé oifigí nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a iarradh a thairiscint trí Ghaeilge.

Leanfar ar aghaidh le baill indibhidiúla den fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí dá mboscaí glórphoist a sholáthar go dátheangach, sa chás gur féidir. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.9 Preasráitis

Táirgfídh agus eiseoidh an Roinn 25% de na preasráitis ar fad go dátheangach i gcaitheamh thréimhse na Scéime. Agus rogha á dhéanamh maidir leis na preasráitis a eiseofar go dátheangach, cinnteoidh an Roinn go dtabharfar tús áite do phreasráitis a bhaineann le gnóthaí Gaeilge nó Gaeltachta, nó a bhaineann le forbairt tuaithe chomh maith le fógraí réamhphleanáilte a bhfuil tábhacht náisiúnta faoi leith ag baint leo. Eiseofar gach preasráiteas den sórt sin chuig na meáin chumarsáide Gaeilge ach go áirithe. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

Leanfar ar aghaidh ag cur leagan dátheangach de phreasráiteas ar suímh idirlíne na Roinne.

3.2.10 Rialtas Áitiúil

Leanfar ar aghaidh ag soláthar ciorcláin agus aon fhoirmeacha gaolmhara, a úsáideann foireann na n-údarás áitiúil chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine den phobal go díreach, i bhformáid dhátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.11 Polasaí i leith Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann an Roinn formhór a cruinnithe poiblí i mBéarla amháin. Is é polasaí na Roinne seo áfach, sa chás go mbeidh údar maith leis, go leanfar ar aghaidh ag cur baill foirne a bheidh inniúil ar an nGaeilge ar fáil le haghaidh cruinnithe i limistéir Ghaeltachta agus/nó nuair a bheifear ag bualadh le heagraíochtaí/grúpaí Gaeilge sa chás go dtabharfar fógra leordhóthanach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

staff proficient in Irish will **continue to** be provided for meetings – check English version.

3.2.12 Seirbhís do limistéir Ghaeltachta

Geallann an Roinn go leanfar ar aghaidh ag cur seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do mhuintir na Gaeltachta i gcaitheamh shaolré na Scéime. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.2.13 Logainmneacha Gaeltachta

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag baint feidhm as Logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, faoi mar atá fógartha ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá logainmneacha oifigiúla de baille fearainn lonnaithe laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht le fáil ar www.logainm.ie suíomh idirlíon maoinithe ag An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

3.3 Cumas Gaeilge an Roinne a Fheabhsú

3.3.1 Earcaíocht & Socrúchán

Cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm, faoi réir na sriantaeile a rialaíonn cúrsaí earcaíochta nó socrúchán foirne lena chinntiú go n-earcófar agus go gcoinneofar líon leorgachde bhaill foirne a bheidh inniúil ar an nGaeilge laistigh den Roinn ionas go gcomhlíonfar forálacha an Achta:

- Mar chuid dá polasaí earcaíochta, leanfaidh an Roinn ar aghaidh, agus í ag comhoibriú leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, comórtais do bhaill foirne a oibreoidh trí Ghaeilge a fhógairt (go háirithe, chun freastal ar phobail Ghaeltachta) go poiblí, nuair nach mbeidh daoine oiriúnacha, a aithníodh mar dhaoine a gcaithfeadh Gaeilge a bheith acu chun an ról an chomhlíonadh, ar fáil trí chomórtais ghinearálta ar leibhéal iontrála.
- Leanfar ar aghaidh ag cur socrúchán oiriúnach foirne a mbeidh inniúlacht ar an nGaeilge acu, i bhfeidhm ar fud na Roinne, go háirithe chun freastal ar limistéir Ghaeltachta. Rud a chomhlánóidh é seo, socrófar baill foirne ambeidh buneolas praiticiúil ar an nGaeilge acu trasna na rannóg éagsúil de réir mar is cuí chun tacú leis na gealltanais a leagadh amach sa Scéim seo.
- Leanfar ar aghaidh agallaimh rannacha trí Ghaeilge nó trí Bhéarla ar chur ar fáil don fhoireann, ach fógra a bheith tugtha ag agallaithe roimh ré faoina rogha teanga. Ní bheidh an rogha seo ar fáil áfach sa chás go mbeidh an Ghaeilge ina riachtanas ar leith don phost atá i gceist.

3.3.2 Oiliúint & Forbairt

Ina gealltanais le hoiliúint agus forbairt chúil a sholáthar don fhoireann ar fad, leanfaidh an Roinn scileanna Gaeilge gach duine nua dá n-earcófar don Roinn a mheas sula dtagann siad isteach agus, sa chás gur féidir, sannfaidh an Roinn iad chuig Rannóga mar ab fhearr a n-úsáidí a scileanna Gaeilge. Lena chois sin, déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh le daoine a lorg a tholeoidh seirbhísí Gaeilge a sholáthar trasnana Roinne sa chas go bhféadfadh an riachtanas teacht chun cinn le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Aithnítear baill foirne den sórt sin le réiltín ar liostaí inmheánacha teileafóin. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Leanúint ar aghaidh le gach cúrsa a mheasúnú ar bhonn rialta, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge, lena dhéanamh amach a éifeachtaí is a chomhlíonann siad riachtanais na Roinne. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Leanúint ar aghaidh an fheasachtteanga a chur isteach ina cuid de chúrsaí oiliúna Ionad na Gaeilge agus um Sheirbhís do Chustaiméirí araon, lena chinntiú go dtuigfidh an fhoireann a n-oibleagáidí dátheangacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

- Leanúint ar aghaidh ranganna Gaeilge a sholáthar, a bheidh dírithe ar riachtanais ó thaobh seirbhíse do chustaiméirí, le haghaidh na rannóg sin is mó a bhíonn ag plé le custaiméirí, agus éascú le baill foirne a bheidh ag freastal ar ranganna Gaeilge i rith uaireanta oifige. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Leanúint ar aghaidh comhairle a thairiscint, agus i gcúinsí áirithe, cúnamh airgeadais, don fhoireann i ndáil leis an raon ranganna ardchaighdeáin Gaeilge atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Leanúint ar aghaidh cúrsa Oiliúna aonlae a chur ar fáil gach bliain, agus / nó faoi réir éilimh, do gach ball foirne a bhíonn ag obair ag deasca fáilithe / agus do gach teileafónaí agus Oifigeach Seirbhíse chun a bhfeasacht ar bheannachtaí bunúsacha na Gaeilge agus a n-eolas ar an nGaeilge a mhéadú. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.3.3 Acmhainní Teanga

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bealaí a sholáthar don fhoireann ar fad le teacht ar fhaisnéis agus ar acmhainní teanga go héasca, m.sh. foclóirí, idir chóip chrua, sa chás go n-iarrfar iad, agus i bhformáid leictreonach friesin, comhairle maidir leis an nGaeilge scríofa agus liostaí d'abairtí coitianta, srl. Cuirfear úsáid acmhainní idirlín ar nós seiceálaithe litrithe, www.focal.ie agus www.foclóir.ie chun cinn go gníomhach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.3.4 Seirbhísí Aistriúcháin

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le liosta a chur ar fáil don fhoireann de gach cuideachta agus duine aonair a bhíonn ag soláthar seirbhísí aistriúcháin. Soláthrófar treoir agus comhairle mhionsonraithe don fhoireann freisin maidir leis na nósanna imeachta agus na cleachtais is fearr a bheidh le leanúint agus na seirbhísí seo á bhfostú agus á n-éascú. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.3.5 Seachtain na Gaeilge

Tá rún daingean ag an Roinn tionscnaimh chultúir, lena dtacaítear agus lena spreagtar úsáid na Gaeilge, a chur chun cinn. Ar an gcaoi seo, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag tacú le gníomhaíochtaí arna n-eagrú i rith Sheachtain na Gaeilge i gcaitheamh thréimhse na Scéime. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

3.3.6 Cumarsáid Inmheánach

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag spreagadh na foirne le hailt i nGaeilge a chur isteach le bheith san iris inmheánach foirne **Environment Matters**, leis an aidhmgo mbeidh *alt amháin ar a laghad* i nGaeilge i ngach eagrán. Lena chois sin, cuirfear faisnéis rialta isteach mar chuid den '*Weekly Wrap*' – nuachtlitir leictreonach seachtainiúil na Roinne – agus leanfar ar aghaidh ag baint feidhm as an inlíon chun faisnéis i nGaeilge a chur ar fáil i ndáil leis an nGaeilge. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

Caibidil 4 Monatóireacht & Athbheithniú

Coinneoidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí (GBS) laistigh den Roinn seo súil ghéar ar fheidhmiú éifeachtach na scéime agus tabharfaidh an Rannóg Straitéise na Roinnefaoi mhonatóireacht leanúnach agus faoi mheasúnú bliantúil ar an obair leis an Scéim a chur i ngníomh. Cuirfear tuarascáil maidir le toradh na measúnachtaí seo i láthair an GBS.
[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]

Ceanglófar ar gach rannóg den Roinn gealltanais na Scéime Gaeilge seo a léiriú sa Phlean Gnó Bliantúil don Rannóg sin. Bainisteoirí líne i ngach ceann de na Rannóga, a bhíonn freagrach as an Scéim a chur i ngníomh laistigh dá réimsí féin, a chomhlíonfaidh feidhm laethúil na monatóireachta go príomha.

Tabharfar faoi athbheithniú bliantúil ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Scéim a chur i ngníomh. Chun an dul chun cinn seo a mheasúnú, baileofar faisnéis go bliantúil:

- ar pholasaithe nó thionscnaimh a chuir úsáid na Gaeilge chun cinn;
- ar ábhair ar foilsíodh cuid díobh nó an t-iomlán i nGaeilge;
- ar mhinicíocht aon ghearán agus mholtaí bhain le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag an Roinn, agus ar a raibh i gceist leis na gearáin/moltaí sin;
- ar dhul chun cinn i gcoinne gach ceann de na gealltanais a leagadh amach sa Scéim;
- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le haon bhearta breise, atá riachtanach chunfeabhas a dhéanamh ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn an eagraíocht, a bhreithniú i bhfianaise éilimh agus a n-eascróidh as an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn.

Lena chois sin, cuirfear tuairisc ar na bearta a cuireadh i ngníomh faoin Scéim isteach ina cuid de Thuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Caibidil 5 Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Cuireadh a bhfreagrachtaí i leith Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in iúl don fhoireann agus tá treoir agus teoracha mionsonraithe curtha ar fáil dóibh siúd ar gá dóibh bearta Gaeilge a chur i ngníomh b'fhéidir. Leanfar ar aghaidh leis an bhfoireann a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoin scéim trí roinnt bealaí éagsúla m.sh.;

- Fógraí Oifige;
- Faisnéis ar shuíomh idirlín inmheánach na Roinne m.sh. laistigh den 'Weekly Wrap' (nuachtlitir leictreonach seachtainiúil);
- Ailt in *Environment Matters* (iris inmheánach na Roinne);
- Cuirfear faisnéis ar ghealltanais Ghaeilge na Roinne isteach ina gcuid d'oiliúint Ionduchtúcháin agus um Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne.

Cuirfear ábhair na Scéime seo, in éineacht lena gealltanais agus a forálacha, ar fáil don phobal ginearálta tríd:-

- An Scéim a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí;
- Áit fheiceálach a thabhairt don Scéim ar shuíomh idirlín na Roinne;
- Áit fheiceálach a thabhairt don Scéim i gCairt Ardchaighdeáin do Chustaiméirí na Roinne agus i bPlean Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí;
- Bileog ghearr le cur ar fáil ag an deasc fáilithe lena leagfar amach seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.

Le cois na mbeart seo, tapóidh an Roinn gach deis ina hidirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, agus an méid seo a leanas san áireamh:

- an rogha le plé leis an Roinn as Gaeilge a chur ar a shúile do chustaiméirí go díreach agus ar bhonn réamhghníomhach, trí, mar shampla, fógraí a chur ar taispeáint ag limistéir fháilithe á thabhairt le fios go bhfuil na seirbhísí Gaeilge ar fáil agus tríd na seirbhísí seo a liostú ar shuíomh idirlín na Roinne go feiceálach;
- fonótaí a chur isteach mar chuid de threoirínte, de bhileoga agus d'fhoirmeacha iarratais roghnaithe á mhíniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin (i gcás nach dtáirgtear ábhar priontáilte dátheangach faoi aon chlúdach amháin); agus
- nótaí a chur isteach mar chuid d'fhoilseacháin agus d'fhógraí á thabhairt le fios go soláthraíonn an Roinn seirbhísí as Gaeilge agus, dá réir sin, go bhfáiltíonn an Roinn roimh chustaiméirí ar mian leo déileáil léi i nGaeilge, de réir na ngealltanais ina Scéim chomhaontaithe.

Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith le dóibh siúd a chuir aighneachtaí faoi bhráid na Roinne i ndáil le forbairt an tríú Scéim seo.
Is é an leagan Béarla den scéim seo an bunleagan.